


An
Bord
Pleanála

Conas Éisteacht ó Bhéal a Iarraidh maidir le hAchomharc Pleanála

Aibreán 2019



Maidir leis an treoir seo

Gheofar sa treoir seo eolas ar conas iarratas ar éisteacht ó bhéal a dhéanamh ar chás achomhairc pleanála.

Tá ár ndícheall déanta againn chun treoir chruinn chabhrach a chur ar fáil, ach ní treoir dlí é.

Cosaint Sonraí

Ní úsáideann an Bord Pleanála do sonraí pearsanta ach amháin chun ár seirbhísí, atá leagtha amach faoin reachtaíocht lena mbaineann, a chur ar fáil.

Chuirge sin, is gá dúinn sonraí pearsanta áirithe a bhailiú, dála ainmneacha, seoltaí agus cur síos ar shuíomhanna. Úsáidfimid aon sonraí pearsanta breise a chuireann tú ar fáil dúinn go deonach chun riachtanais reachtúla maidir lenár ndualgais agus feidhmeanna a chomhlíonadh.

Ba chóir duit a chur san áireamh go scaipfear na sonraí pearsanta a chuireann tú ar fáil ar pháirtithe eile lena mbaineann agus go mbeidh siad ar fáil don phobal maidir le haon tsaincheist a chuirtear faoi bhráid an Bhoird Pleanála. Comhlíonann an úsáid seo riachtanais na Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí).

Clár

Maidir leis an treoir seo	2
Clár	3
Téarmaí	4
Sula n-iarrann tú éisteacht ó bhéal.....	6
Cad is éisteacht ó bhéal ann?	6
Cathain a thionólaíonn an Bord Pleanála éisteacht ó bhéal?	6
Cé ar féidir leo éisteacht ó bhéal a iarraidh?	6
Cá mhéad ama atá agam le héisteacht ó bhéal a iarraidh?	6
An féidir liom éisteacht ó bhéal a iarraidh tar éis dom m'achomharc a dhéanamh?	7
Iarratas a dhéanamh	8
Conas a iarraim éisteacht ó bhéal?	8
Cé mhéad a chosnaíonn iarratas ar éisteacht ó bhéal?	8
Conas is féidir liom an táille ar éisteacht ó bhéal a íoc?	8
Cad é an seoladh don iarratas ar éisteacht ó bhéal?	9
Tar éis d'iarratas a dhéanamh.....	10
Cad a tharlaíonn tar éis dom m'iarratas a dhéanamh?.....	10
Tá cinneadh déanta ag an mBord éisteacht ó bhéal a thionól. Cad is gá dom a dhéanamh?	10
Tá cinneadh déanta ag an mBord gan éisteacht ó bhéal a thionól. Cad a tharlaíonn anois?	10
Ceisteanna Coitianta.....	11
Reachtaíocht.....	12
Déan teagmháil linn	12

Téarmaí

Téarmaí a úsáidtear sa treoir seo:

Acht	Dlí atá achtaithe ag an Oireachtas (parlaimint) agus ceadaithe ag an Uachtarán.
Gníomhaire	Duine a ghníomhaíonn ar do shon in achomharc, iarratas nó tarchur.
Achomharc	Athbhreithniú ar an gcinneadh bunaidh a rinne údarás pleanála ar iarratas pleanála.
Achomharcóir	Duine aonair nó eagraíocht a dhéanann achomharc (Féach, leis, Céad Pháirtí, Tríú Páirtí).
Iarratasóir	Duine aonair nó eagraíocht a chuireann iarratas pleanála isteach chuig údarás pleanála. (Féach Céad Pháirtí , leis)
Bord	Bord an Bhoird Pleanála.
Céad pháirtí	An té a iarrann cead pleanála maidir le forbairt bheartaithe. (Féach Iarratasóir , leis).
Cigire	Ball den fhoireann theicniúil a dhéanann cigireachtaí suímh, a ullmhaíonn tuarascáil ar an gcás pleanála agus a dhéanann moladh don Bhord chun cead a thabhairt nó dhiúltú.
Neamhbhailí	Ní chomhlíonann sé ceanglais uile an dlí agus na rialachán le go mbreithneofaí mar chás é.
Breathnóir, Tuairim	Duine ar bith, taobh amuigh den iarratasóir nó den achomharcóir, a thráchtann ar achomharc (Féach Aighneacht , leis).

Éisteacht ó bhéal	Cruinniú poiblí chun gur féidir gach saincheist a bhaineann leis an iarratas a phlé agus a scrúdú.
Údarás pleanála	An t-údarás áitiúil – comhairle contae, comhairle cathrach, nó comhairle contae agus cathrach – atá freagrach as pleanáil ina cheantar.
Rialacháin	Dlí nó rialacha a rinneadh faoi Acht nó uaireanta faoi ordú aire rialtais.
Reachtúil	Rud éigin a shocraítear, a bhunaítear nó a rialaítear le dlí reachtach. Dlí a achtaíonn an pharlaimint is ea an dlí reachtach.
Riachtanais reachtúla	Riachtanais atá ceangailte faoin dlí le go mbeadh cás bailí.
Aighneacht	Doiciméad maidir le hachomharc nó iarratas a bhféadfadh míreanna tacaíochta ar nós grianghraf, pleananna, líníochtaí agus treoir theicniúil a bheith san áireamh ann. (Is féidir doiciméad clóscríofa nó lámhscríofa a chur ar fáil.)
Tríú páirtí	Duine a achomharcann cinneadh ó údarás áitiúil ar fhorbairt bheartaithe seachas an té a rinne an t-iarratas pleanála bunaidh (Féach Achomharcóir , leis).
Bailí	Comhlíonann sé ceanglais uile an dlí agus na rialachán le go mbreithneofaí mar chás é.
Muidne, ár, sinne	An Bord Pleanála.
Tusa	Tusa mar dhuine, cuideachta, grúpa, eagraíocht nó údarás Stáit.

Sula n-iarrann tú éisteacht ó bhéal

Cad is éisteacht ó bhéal ann?

Cruinniú poiblí chun gur féidir gach saincheist a bhaineann leis an iarratas a phlé agus a scrúdú. Is féidir le duine ar bith freastal ar éisteacht, ach ní féidir ach leis na daoine atá páirteach sa chás páirt a ghlacadh sa díospóireacht. Uaireanta tionóllann an Bord Pleanála éisteacht ó bhéal chun cabhrú lenár gcigire eolas breise a bhailiú ó rannpháirtithe ar chás achomhairc pleanála. Ní seisiún foirmiúil nó dlíthiúil í ó thaobh dearaidh nó cleachtaidh.

Cathain a thionóllann an Bord Pleanála éisteacht ó bhéal?

Is gnách don Bhord éisteacht ó bhéal a thionól má chreideann sé go dtabharfadh sé tuiscint ar chás casta. Is féidir éisteachtaí ó bhéal a thionól i gcás ina measann an Bord go bhfuil saincheist náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil shuntasach ann. Tá an chumhacht ag an mBord éisteacht ó bhéal a thionól ar iarratas nó in éagmais iarratais.

Cé ar féidir leo éisteacht ó bhéal a iarraidh?

Ní féidir ach leis an iarratasóir, an t-achomharcóir nó an t-údarás pleanála atá páirteach san achomharc éisteacht ó bhéal a iarraidh.

Cá mhéad ama atá agam le héisteacht ó bhéal a iarraidh?

Tá **teorainneacha dochta** ama ann maidir le héisteacht ó bhéal a iarraidh.

Má tá tuairim á tabhairt agat agus éisteacht ó bhéal a iarraidh agat, leis,

ní mór an t-iarratas ar éisteacht ó bhéal a dhéanamh laistigh de **cheithre seachtain** ag tosú ar dháta an chinnidh ón údarás pleanála.

Sampla

Má dhéanann an t-údarás pleanála cinneadh ar an **Déardaoin, 11**

Aibreán, ansin ní mór dúinn d'iarratas ar éisteacht ó bhéal a fháil

Dé Céadaoin 8 Bealtaine ar a dhéanaí.

Inniu						
Domh	Luan	Mairt	Céad	Déar	Aoine	Sath
31	1	2	3	4	5	6
7	8	9	10	11	12	13
14	15	16	17	18	19	20
21	22	23	24	25	26	27
28	29	30	1	2	3	4
5	6	7	8	9	10	11
12	13	14	15	16	17	18
19	20	21	22	23	24	25
26	27	28	29	30	31	1
2	3	4	5	6	7	8

Má fuair tú cóip d'achomharc nó d'achomhairc agus más mian leat éisteacht ó bhéal a iarraidh,

is féidir leat éisteacht ó bhéal a iarraidh laistigh de **cheithre seachtain** ón dáta ar a gcuirimid cóip den achomharc deireanach chugat.

Sampla

Má scríobhaimid chugat le cóip den achomharc deireanach

Dé Céadaoin 2 Lúnasa, ansin ní mór d'iarratas ar éisteacht ó bhéal a bheith faighte againn **Dé Máirt 29 Lúnasa** ar a dhéanaí.

Inniu						
Domh	Luan	Mairt	Céad	Déar	Aoine	Sath
29	30	1	2	3	4	5
6	7	8	9	10	11	12
13	14	15	16	17	18	19
20	21	22	23	24	25	26
27	28	29	30	31	1	2
3	4	5	6	7	8	9
10	11	12	13	14	15	16
17	18	19	20	21	22	23
24	25	26	27	28	29	30
1	2	3	4	5	6	7

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh linn má bhíonn cabhair uait chun an lá deiridh chun d'iarratas a dhéanamh a oibriú amach. Tá rialacha difriúla ann mar gheall teorainneacha ama idir an 24 Nollaig agus 1 Eanáir (agus an dá dháta san áireamh) ar féidir leo difríocht a dhéanamh don dáta deiridh.



Ní ghlacann an Bord Pleanála le hiarratais dhéanacha.

Ortsa atá an fhreagracht a chinntiú go bhfaighimid d'iarratas ar éisteacht ó bhéal laistigh de na teorainneacha ama atá leagtha síos.

An féidir liom éisteacht ó bhéal a iarraidh tar éis dom m'achomharc a dhéanamh?

Is féidir. Chun iarratas a dhéanamh, ní mór achomharc bailí a bheidh déanta agat agus gach riachtanas le haghaidh iarratas bailí a chomhlíonadh. ní mór an t-iarratas ar éisteacht ó bhéal a dhéanamh laistigh de cheithre seachtain ag tosú ar dháta an chinnidh ón údarás pleanála.

Iarratas a dhéanamh

Conas a iarraim éisteacht ó bhéal?

Braitheann an tslí le hiarratas a dhéanamh ar do chás:

Más achomharcóir thú agus achomharc á dhéanamh agat,

is féidir éisteacht ó bhéal a iarraidh trí:

- tic a chur sa bhosca “Tá, is mian liom éisteacht ó bhéal a iarraidh” ar an bhFoirm Achomhairc Pleanála, (cuid 9), nó
- iarratas i scríbhinn a dhéanamh ar éisteacht ó bhéal in éineacht le d’achomharc.

Más achomharcóir thú a bhfuil achomharc bailí curtha isteach agat cheana féin

is féidir iarratas ar éisteacht ó bhéal i scríbhinn a chur chugainn.

Má tá tú ag tabhairt freagra ar achomharc a sheolamar chugat,

is féidir iarratas ar éisteacht ó bhéal i scríbhinn a chur chugainn.

Cé mhéad a chosnaíonn iarratas ar éisteacht ó bhéal?

Caoga euro a chosnaíonn iarratas ar éisteacht ó bhéal. **Ní aisíoctar** an táille seo.

Conas is féidir liom an táille ar éisteacht ó bhéal a íoc?

Tá modhanna éagsúla ann chun táille a íoc leis an mBord Pleanála.

Modh íocaíochta	Ag an deasc fáiltithe	Leis an bpost
Airgead tirim	✓ Glactar leo	Ní mholtar duit airgead tirim a chur chugainn riamh leis an bpost.
Cártaí Dochair agus Creidmheasa	✓ Glactar leo	✗ Ní ghlactar leo
Seiceanna	✓ Glactar leo	✓ Glactar leo
Dréachtaí baincéara	✓ Glactar leo	✓ Glactar leo
Orduithe Poist	✓ Glactar leo	✓ Glactar leo

Cad é an seoladh don iarratas ar éisteacht ó bhéal?

Ní mór duit:

- é a chur leis an bpost chuig:
An Rúnaí, An Bord Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde,
Baile Átha Cliath 1, D01 V902,



nó

- é a thabhairt do bhall d'fhoireann An Bhoird Pleanála ag ár n-oifigí i Sráid Mhaoilbhríde (seoladh thuas) le linn uaireanta oifige - Ó Luan go hAoine, óna 9.15 ar maidin go dtí 5.30 tráthnóna. Ní féidir leis an bhfoireann slándála san oifig glacadh le hiarratas ar éisteacht ó bhéal.



Ná dearmad **nach** féidir d'iarratas ar éisteacht ó bhéal a chur i mbosca litreacha na hoifige **ná** a sheoladh chugainn le ríomhphost; má dhéanann, iarratas **neamhbhailí** a bheidh ann.

Bíonn an oifig dúnta ag an deireadh seachtaine, ar laethanta saoire phoiblí agus ar laethanta fógartha eile amhail Lá Nollag agus Aoine an Chéasta.

Tar éis d'iarratas a dhéanamh

Cad a tharlaíonn tar éis dom m'iarratas a dhéanamh?

Tar éis iarratas ar éisteacht ó bhéal a fháil, cuirimid comhad an cháis chuig duine dár gcigirí. Athbhreithneoidh an cigire an cás agus déanfaidh siad moladh don Bhord cibé ar chóir éisteacht ó bhéal a thionól. Scrúdóidh an Bord comhad an cháis, an t-iarratas agus moladh an chigire. Úsáidfídh an Bord an chumhacht atá aige chun an t-iarratas ar éisteacht ó bhéal a cheadú nó a dhiúltú. Ní bhíonn dul thar chinneadh an Bhoird maidir leis an iarratas ar éisteacht ó bhéal. Ina dhiaidh sin, cuirfimid an cinneadh in iúl i scríbhinn duitse agus do na rannpháirtithe ar fad san achomharc.

Tá cinneadh déanta ag an mBord éisteacht ó bhéal a thionól. Cad is gá dom a dhéanamh?

Scríobhfaimid chugat le sonraí na héisteachta ó bhéal agus gheobhaidh tú cuireadh a bheith i láthair. Léigh an litir sin go cúramach. Seolfar an litir chugat cúig lá ar a laghad sula dtosóidh an éisteacht ó bhéala. Nuair a bheidh an éisteacht ó bhéal socraithe, foilseofar na mionsonraí ar ár suíomh gréasáin. Gheofar tuilleadh eolais i dtaobh éisteachtaí ó bhéal inár dtreoir d'éisteachtaí ó bhéal.

Tá cinneadh déanta ag an mBord gan éisteacht ó bhéal a thionól Cad a tharlaíonn anois?

Má shocraíonn an Bord gan éisteacht ó bhéal a tionól, seolfar an t-achomharc chuig duine dár gcigirí. Scrúdóidh an cigire gach doiciméad sa chás agus de ghnáth tabharfaidh sé/sí cuairt ar an láithreán. Tar éis an éisteacht ó bhéal a chríochnú, ullmhaíonn an cigire tuarascáil agus moladh don Bhord. Ansin déanfaidh an Bord cinneadh bunaithe ar na doiciméid uile sa chás.

Ceisteanna Coitianta

An féidir liom iarratas ar éisteacht ó bhéal a dhéanamh ar líne?

Ní féidir faoi láthair.

An féidir an táille a íoc ar an teileafón le cárta creidmheasa nó dochair?

Ní féidir linn glacadh le híocaíochtaí táille ar an teileafón.

An féidir an t-iarratas ar éisteacht ó bhéal a chur isteach i bhfoirm facs agus an táille a sheoladh leis an bpost?

Ní féidir. Chun achomharc bailí a dhéanamh, ní mór na doiciméid riachtanacha ar fad maille leis an táille cheart a chur isteach. Ní mór dóibh teacht isteach **le chéile** roimh dheireadh na tréimhse cheithre seachtaine.

An nglacann an Bord le hiarratais dhéanacha ar éisteacht ó bhéal?

Ní féidir. Tá toirmeasc dlí ar an mBord Pleanála glacadh le hachomharc déanach ar chúis ar bith.

Agus má bhíonn oifig an Bhoird Pleanála dúnta ar an lá deireanach den tréimhse achomhairc?

Más deireadh seachtaine, lá saoire phoiblí nó lá eile ar a mbíonn an oifig dúnta lá deireanach na tréimhse achomhairc, glactar le d'iarratas suas go dtí a 5.30 tráthnóna ar an gcéad lá eile a mbíonn an oifig ar oscailt. Gheofar tuilleadh sonraí ar ár suíomh gréasáin.

Reachtaíocht

Seo iad na dlíthe agus na rialacháin dár tagraíodh sa doiciméad seo:

- An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000, (leasaithe),
- Na Rialacháin Pleanála agus Forbartha 2001, (leasaithe).

Déan teagmháil linn

Má tá an doiciméad seo uait i bhformáid eile nó má tá eolas eile uait, déan teagmháil leis an mBord Pleanála.

Buail isteach inár n-oifig ag:	An Bord Pleanála
Scríobh chugainn ag:	64 Marlborough Street Dublin 1 D01 V902
Cuir glao gutháin orainn ag:	(01) 858 8100 nó Glao áitiúil: 1890 275 175
Ríomhphost:	bord@pleanala.ie
Oscail ár suíomh gréasáin:	www.pleanala.ie
Seol facs chugainn:	(01) 872 2684

An t-eagrán seo: Aibreán 2019